



gadaí



scáth



camán



luchóg

## An Fiosraitheoir

### Tasc 1:

Cad é an rud is mó a thaitin leat faoin scéal seo? Cén fáth?

### Tasc 2:

Ainmnigh 5 aidiacht eile a chuireann síos ar chait.

cea
Rewarding Learning

Gach íomhá agus léaráid © thinkstock.com

4 Trup!

Foilseachán de chuid CCEA © 2014

Curaclam
Thuaisceart Éireann

# Taisce Tuisceana



# Trup!

Mhúscail Lúsaí go tobann i lár na hoíche as siocair gur chuala sí trup thíos staighre. Léim sí amach as a leaba agus rith sí isteach chuig seomra a mamaí.

'A Mhamaí, a Mhamaí, múscail, múscail! Chuala mé trup aisteach thíos staighre,' a scairt sí. 'B'fhéidir go bhfuil **gadaí** ann.'

Ansin, chuala an bheirt acu an trup arís. Léim Mamaí amach as an leaba lena fháil amach cad é a bhí ann.

Shiúil Lúsaí agus Mamaí go ciúin cúramach síos an staighre. Trí fhuinneog an dorais, chonaic siad **scáth** aisteach ag damhsa thart an seomra suí. Rug Mamaí greim ar **chamán** a bhí in aice leis an doras.

'I ndiaidh a trí a Lúsaí, oscail an doras,' arsa Mamaí léi.
'A haon, a dó, a trí!' a scairt Mamaí.

'Áááááá!' a scread an bheirt acu. Las Lúsaí an solas agus cad é a bhí in aice leo ach Fionn, an cat, agus **luchóg** ina bhéal aige! Thosaigh Mamaí ag gáire.

'Nach cat den chéad scoth thú? Ach beidh sé níos fearr má fhaigheann tú greim ar na luchóga i rith an lae, in áit i lár na hoíche!'

# Ceisteanna

**1. Cá háit a raibh Lúsaí nuair a chuala sí an trup den chéad uair?**
(a) Sa chistin
(b) Sa tseomra suí
(c) Sa tseomra leapa

**2. Rith Lúsaí isteach chuig a mamaí mar:**
(a) bhí fearg uirthi.
(b) bhí eagla uirthi.
(c) bhí áthas uirthi.

**3. Cén fáth ar shiúil Mamaí agus Lúsaí 'go ciúin cúramach síos an staighre'?**
(a) Níor mhaith leo titim síos an staighre
(b) Shíl siad go raibh duine éigin thíos staighre
(c) Bhí cuid den staighre briste

**4. I bparagraf 1 tá an focal 'mhúscail' in úsáid mar:**
(a) aidiacht.
(b) ainmfhocal.
(c) briathar.

**5. Cé acu focal is fearr a chuireann síos ar an chat?**
(a) Bómánta
(b) Iontach
(c) Dalba

**6. Cad é mar a mhothaigh Lúsaí agus a mamaí sa deireadh?**
(a) Bhí fearg orthu
(b) Bhí áthas orthu
(c) Bhí brón orthu